*Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe. H91CD83*

***Uimhir rolla:*** *12946G* ***Uimhir carthanacht:*** *20121105*

***Fón****: 091-572039/083-0112757* ***Ríomh-phost:***

*scoilcholmcille@gmail.com*

***www.scoilcholmcillerosamhil.com***

# Polasaí Bí Cineálta chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta

Ghlac Bord Bainistíochta Scoil Cholmcille leis an bpolasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach páiste a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta. D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.

# Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile | Bealtaine 2024<br>11ú Bealtaine 2025 | Plé ag cruinniú foirne<br>Leath lae plenála |
| Scoláirí | Bealtaine 2024<br>12ú Meitheamh 2025 | Plé ranga agus ceistneoirí<br>Polasaí na bpáistí pléite leo sa rang agus mar scoil ag an tionól. |
| Tuismitheoirí | Meitheamh 2024 | Ceistneoirí curtha amach |
| Bord Bainistíochta | 12ú Meitheamh 2025<br>23ú Meitheamh 2025 | Dréacht curtha ar ríomhphost<br>Plé ar an bpolasaí |
| Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | 24ú Meitheamh 2025 | Cur ar shuíomh idirlín na scoile |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: 23ú Meitheamh 2025 | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 23ú Meitheamh 2025 | | |

Aidhm an Pholasaí:

- Meon dearfach a chothú sa scoil.
- Atmaisféar fáilteach, taitneamhach a chruthú do chuile dhuine.
- Cabhrú le páistí meas a léiriú ar a chéile.
- Iompraíocht dhearfach a spreagadh agus coimhlinte a réiteach go síochánta.

**Prionsabail na Nósanna Imeachta "Bí Cineálta":**

1. **Bí Cineálta i do chuid cainte** - Labhair le meas agus le dea-bhéasa le gach duine.
2. **Bí Cineálta i do ghníomhartha** - Cabhraigh le daoine eile agus bí múinte.
3. **Bí Cineálta le do chuid mothúchán** – Tuiscint agus comhbhá a léiriú i leith daoine eile.
4. **Bí Cineálta sa tseomra ranga** - Éist agus tabhair deis do gach duine páirt a ghlacadh.
5. **Bí Cineálta sa chlós** - Imir go cothrom agus bí cuidiúil.
6. **Bí Cineálta le d'áit foghlama** - Coinnigh an scoil slachtmhar agus sábháilte.

**Cur i bhFeidhm:**

- Beidh an polasaí seo mar chuid lárnach de shaol laethúil na scoile.
- Beidh múinteoirí, tuismitheoirí agus gasúir ag tacú leis an gcur chuige seo.
- Cuirfear béim ar thacaíocht dhearfach agus moladh nuair a léirítear cineáltas.
- Má tharlaíonn aon eachtra nach bhfuil ag teacht le prionsabail an pholasaí, spreagfar machnamh agus foghlaim chun iompar níos fearr a chothú.

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

**Straitéisí Coisctheacha:** Chun timpeallacht shábháilte agus dhearfach a chothú sa scoil, úsáidfear na straitéisí coisctheacha seo a leanas:

- **Feasacht agus Oideachas:** Beidh ceardlanna agus plé ranga ar siúl go rialta chun tuiscint a léiriú ar chothromas, meas, agus na cineálacha éagsúla bulaíochta.
- **Clár Frithbhulaíochta:** Cuirfear clár córasach frithbhulaíochta i bhfeidhm, lena náirítear scileanna réitigh coimhlinte agus tuiscint mhothúchánach. Úsaidfear an Clár Bí Sabháilte chun oiliúint a chur ar na gasúir faoi iompraíocht bhulaíochta a aithint agus cén chaoi le stop a chur leis.
- **Monatóireacht Leanúnach:** Déanfar monatóireacht ghníomhach ar an timpeallacht scoile, go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh bulaíocht tarlú.
- **Bulaíocht Ar Líne:** Beidh treoirlínte soiléir ann maidir le húsáid fhreagrach na teicneolaíochta, agus cuirfear oideachas ar dhaltaí faoi chontúirtí ar líne. Cuirfidh an scoil cainteanna faoi iompraíocht bhulaíocht ar líne ar fáil do pháistí agus tuismitheoirí na scoile gach dara bliain.
- **lompraíocht Bhulaíochta Homafóbach agus Trasfhóbach:** Tá meas ag an scoil agus cuireann muid chun cinn ionchuimsiú agus éagsúlacht inscne agus gnéaschlaonadh maraon le Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024.
- **lompraíocht Bhulaíochta Ciníche:** Beidh gníomhartha soiléire i bhfeidhm chun aon chineál idirdhealaithe nó ciníochais a chosc. lompraíocht Bhulaíochta Gnéasaí agus Ciapadh Gnéasach: Cuirfear in iúl go bhfuil aon chineál ciaptha nó bulaíochta gnéasaí do-ghlactha agus cuirfear bearta cosanta i bhfeidhm chun slándáil gach duine a chinntiú.

**Maoirseacht**

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

- Polasaí Úsáide Inghlactha
- Cód lompair
- Rialacha Ranga
- Maoirseacht ar chlós na scoile
- Polasaí folláine na scoileanna

- Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí frithbhulaíochta/nósanna imeachta Bí Cineálta
- O.S.P.S
- Clár Bí Sábháilte.
- Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca 2024-25

**Céimeanna Maoirseachta agus Monatóireachta:**

1. **Maoirseacht Leanúnach:**
    - **Seomraí Ranga**: Beidh múinteoirí i gcónaí i láthair sna seomraí ranga le linn amanna scoile/múineadh chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar na bpáistí agus chun idirghabháil a dhéanamh más gá.
    - **Clós:** Le linn amanna sosanna agus am lóin, déanfaidh múinteoirí maoirseacht ghníomhach ar an gclós, ag siúl timpeall agus ag breathnú ar imeachtaí chun aon chomharthaí bulaíochta a aithint agus a chosc.
    - **Amchlár maoirseachta:** Tá sceideal maoirseachta socraithe le mbeidh go mbeidh beirt/triúr duine fásta i gcónaí ar dhualgas maoirseachta le linn amanna sosanna agus am lóin, agus an fhoireann eile ar fáil chun tacaíocht a thabhairt nó chun freastal ar aon cheisteanna práinneacha.
2. **Clárú agus Tuairisciú Eachtraí:**
    - Cuirfear córas i bhfeidhm chun gach eachtra a bhaineann le bulaíocht a chlárú go mion. Déanfar na tuairiscí seo a anailisiú go rialta chun patrúin a aithint agus chun bearta coisctheacha breise a fhorbairt más gá.
3. **Oiliúint Foirne:**
    - Cuirfear oiliúint rialta ar fáil don fhoireann chun iad a chur ar an eolas faoi na bearta is fearr chun bulaíocht a aithint, a chosc, agus dul i ngleic léi, lena náirítear bulaíocht ar líne agus cineálacha eile bulaíochta. Beidh sé de dhualgas ar gach ball foirne an Polasaí seo a léamh.
4. **Teicneolaíocht agus Bulaíocht Ar Líne:**
    - Déanfar monatóireacht chúramach ar úsáid na teicneolaíochta sa scoil. Cuirfear céimeanna an Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm. Cuirfear treoirlínte soiléir ar fáil maidir le húsáid fhreagrach na teicneolaíochta, agus cuirfear oideachas ar dhaltaí faoi na contúirtí a bhaineann le bulaíocht ar líne.

Trí na polasaithe seo a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm ag an scoil timpeallacht shábháilte agus thacúil a chruthú ina bhfuil meas agus cineáltas mar bhunchlocha, agus ina bhfuil gach gasúr in ann foghlaim agus fás gan faitíos roimh bhulaíocht.

**Ag Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta**

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta dhá dhéanamh, na cur chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

**Cur chuige**

Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm agus aghaidh dhá thabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, chomh fada agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur. Nuair a théann siad i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta, ba chóir do mhúinteoirí:

- A chinntiú go mothaíonn an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi agus go bhfuiltear á c(h)ur ar a s(h)uaimhneas.
- larracht a dhéanamh príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá a dhéanamh go híogair.
- Aois agus cumas na scoláirí atá i gceist a chur san áireamh.
- Éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Gníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist a chur ar an eolas.

**Ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta**

Chun fáil amach an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- **An bhfuil an iompraíocht dírithe ar pháiste ar leith nó ar ghrúpa páistí?**
- **An bhfuil sé i gceist dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach á dhéanamh de bharr na hiompraíochta?**
- **An bhfuil an iompraíocht á léiriú arís agus arís eile?**

Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta.

Tabhair do d'aire: D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann eachtraí aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann agus iompraíocht bhulaíochta i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann agus iompraíocht bhulaíochta teachtaireacht ghoilliúnach amháin a phostáiltear ar na meáin shóisialta mar is dócha go ndéanfar í a roinnt agus mar sin déanfar iompraíocht leantach di. Más 'Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompraíocht bhulaíochta an iompraíocht. Déantar foráil i gCód lompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí.

Nuair atáthar ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir:

- Céard, cén áit, cén uair agus cén fáth a bhreithniú?
- Má bhíonn grúpa páistí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach páiste ina (h)aonar ar dtús.
- Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach páiste atá i gceist mar ghrúpa.
- Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go niarrfaí ar gach páiste a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach páiste de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe

grúpa.

- B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú a iarraidh ar na scoláirí atá i gceist a gcuntas ar eachtra/na heachtraí a scríobh síos.

**I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta**

- Is dlúthchuid de phobal na scoile iad na tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhar le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na páistí atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht.

- Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

- Ba chóir taifead a choinneál den phlé a deineadh le gach duine a bhí i gceist.

- Ba chóir go ndéanfadh an taifead seo doiciméadú ar fhoirm agus ar chineál na hiompraíochta bulaíochta, más eol sin (féach Mír 2.5 agus 2.7 de ghnásanna Bí Cineálta), cén áit agus cén a tharla sé agus dáta na teagmhála tosaigh leis na páistí atá i gceist agus a dtuismitheoirí.

- Ba chóir go mbeadh tuairimí na bpáistí atá i gceist agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead.

**larphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta**

- Ní mór don mhúinteoir dul i mbun plé arís leis na páistí agus na tuismitheoirí atá i gceist tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh.

- ar na rudaí tábhachtacha atá le breithniú mar chuid den phlé seo tá cineál na hiompraíochta bulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíochta bhulaíochta agus an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist.

- ba chóir don mhúinteoir an tathbhreithniú le scoláirí agus lena dtuismitheoirí a dhoiciméadú lena fháil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na páistí agus na dtuismitheoirí ina leith sin.

- ba chóir an dáta ar cinneadh go raibh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh freisin.

- ba chóir aon rannpháirtíocht le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin.

- d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na scoláirí atá i gceist fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

- mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí agus ba cheart amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

- más léir go bhfuil an páiste a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint leis an iompraíocht a léiriú, ba chóir smaoineamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód lompair na scoile. Má dhéantar pionóis smachta a bhreithniú, is ceist é sin idir an páiste ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

- Mura bhfuil tuismitheoir(í) sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir Ghnásanna Bí Cineálta Chun lompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus larbhunscoileanna, ba chóir iad a atreorú chuig gnásanna gearán na scoile.
- Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an bpáiste.

**Cuir Chuige Tacaíochta**

Bainfidh an scoil úsáid as na cur chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

**1. Do Na Páistí a ndéanfar Bulaíocht Orthu**

**Aithint agus Tacaíocht**

- Éisteacht go cúramach le gearáin an linbh agus tabhairt le fios dóibh nach bhfuil siad ina n-aonar.
- Spreagadh chun labhairt le múinteoir nó duine fásta iontaofa.
- Idirghabháil láithreach chun an bhulaíocht a stopadh agus a chinntiú go bhfuil an páiste sábháilte.
- Tacú féinmhuinín an pháiste a thógáil arís.
- Soláthar tacaíochta fadtéarmaí trí chomhairliúchán nó clár frithbhulaíochta.

**2. Do Na Páistí a bheidh Mar Fhinnéithe**

**Freagracht agus Spreagadh**

- Oideachas a chur ar pháistí maidir le tábhacht na heasaontachta agus an fhianaise a thuairisciú.
- Spreagadh chun a bheith ina gcomhghuaillithe trí thacaíocht a léiriú dóibh siúd atá thíos leis an mbulaíocht.
- Gníomhaíochtaí rólghlactha a úsáid chun tuiscint agus misneach a chothú.
- Cur chuige neamhphionósach a ghlacadh chun a chinntiú nach mbíonn faitíos ar fhinnéithe teacht chun tosaigh.

**3. Do Na Páistí a Léireoidh lompraíocht Bhulaíochta**

**Foghlaim agus Athrú lompraíochta**

- Comhrá neamhbhagrach agus tuisceanach a bheith acu le múinteoir chun cúiseanna na hiompraíochta a fhiosrú.
- Cur chuige athshlánaitheach a úsáid chun freagracht a mhúineadh agus caidreamh dearfach a athchothú.
- Obair le tuismitheoirí agus leis an bpobal scoile chun patrúin iompraíochta a fheabhsú.
- Spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí agus bealaí eile le caidrimh a

láimhseáil.

**Cur Chuige Foriomlán na Scoile**

- **Polasaí frithbhulaíochta soiléir agus infheicthe** a bheith i bhfeidhm agus á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- **Feachtas 'Bí Cineálta'** a chur chun cinn le himeachtaí agus le gníomhaíochtaí idirghníomhacha.
- **Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí** chun aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht go héifeachtach.
- **Cur chuige athshlánaitheach** a úsáid seachas cur chuige pionósach amháin.
- **Comhoibriú le tuismitheoirí agus an pobal scoile** chun atmaisféar dearfach agus tacúil a chothú.

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an scoil uile páirteach sa phróiseas seo chun timpeallacht shábháilte agus chineálta a chruthú do gach gasúr.

**Maoirseacht agus Athbhreithniú**. Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí le feiceál sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe: *Bertie Ó hAinmhire* (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta: 23/06/25

Sínithe: *Síle Nic Con Iomaire* (Príomhoide)

Dáta:23/06/25

*Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe. H91CD83*

***Uimhir rolla:*** *12946G* ***Uimhir carthanacht:*** *20121105*

***Fón****: 091-572039/083-0112757* ***Ríomh-phost:***

*scoilcholmcille@gmail.com*

***www.scoilcholmcillerosamhil.com***

## Cur síos ar iompar a bhfuil imní tromaíocht ina thaobh

Ainm an dalta a bhfuil imní léirithe ina thaobh/taobh.

Ainm_____________________________________Rang__________________Dáta________________

Ainmneacha agus ranganna an dalta/na ndaltaí a d'fhéadfadh cur le tuiscint a fháil faoin iompar a bhfuil imní léirithe ina thaobh.

Cur síos achoimrach faoin iompar agus mar atá sé ag cur as don dalta.

An áit agus an t-am a bhfuil an iompar atá in ábhar imní ag tarlú

Clós na scoile ____
Seomra ranga ____
Eile ____
Sonraí breise más gá;

| |
|---|
| |

An té a thuairiscigh an t-údar imní

| |
|---|
| |

An bhféadfadh go bhfuil an t-iompar atá i gceist bainteach le aon cheann acu seo thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaí Fhisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Dochar do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Eisiamh | | Cúlchaint mhailíseach | |
| Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine | | Eile(tabhair do thuairm) | |

An bhféadfadh go bhfuil an t-iompar atá i gceist bainteach ar aon bhealach le aon cheann de na catagóirí thíos.

| Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais | Ciníoch | Eile (sonraigh) |
|---|---|---|
| | | |

Cur síos ar an tionchar atá ag an iompar ar an dalta.

| |
|---|
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |

Céard é an beart/cinneadh a glacadh.

| |
|---|
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |
| ______________________________ |

Sínithe______________________________ ______________________________

Dáta____________________